C/2026/2135

13.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12280 — PENINSULA / ITOCHU / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2135)

1. An 1 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ITOCHU Corporation ('ITOCHU', An tSeapáin),

— Peninsula Petroleum Limited ('Peninsula', Éire).

Gheobhaidh ITOCHU agus Peninsula rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála é ITOCHU atá gníomhach i dtrádáil intíre agus idirnáisiúnta, ar fud raon leathan tionscal, lena n-áirítear teicstílí, innealra, miotail, mianraí, fuinneamh, ceimiceáin, bia, táirgí ginearálta, réadmhaoin, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, agus airgeadas, chomh maith le hinfheistíocht ghnó sa tSeapáin agus thar lear,

— Is soláthraí domhanda seirbhísí agus réiteach fuinnimh mhuirí é Peninsula. Áirítear ar ghníomhaíochtaí Peninsula soláthar fisiciúil breosla umair agus trádáil breosla umair.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar: seirbhísí margaíochta a sholáthar san Aontas Eorpach, i nGiobráltar agus i Maracó a bhaineann le hoibríochtaí soláthair buncaeireachta amóinia. Chomh maith leis sin, déanfaidh sé lóistíocht a thrádáil, a chur ar fáil, a sholáthar, a láimhseáil, agus amóinia a dhíol agus a cheannach mar bhreosla muirí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12280 — PENINSULA / ITOCHU / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË